Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10632/22**

**CDR 84**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 24 Bealtaine 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Carlos AGUILAR VÁZQUEZ, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 9685/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críche Carlos AGUILAR VÁZQUEZ a ionadú, mhol rialtas na Spáinne[2] Juan GARCÍA-GALLARDO FRINGS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Vicepresidente de la Junta de Castilla y León* (Leas-Uachtarán Rialtas Phobal Féinrialaitheach na Caistíle agus León), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 10630/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 10540/22.